# An Teaghlach:
# Caint (Mo Chlann)

*TEG B1: Aonad 2*

## A: RÉAMHOBAIR

**Ag fáil eolais faoin teaghlach**

1. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat chun na freagraí cearta diúltacha agus dearfacha a thabhairt ar na ceisteanna seo thíos.

a) An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál?
b) An bhfuil gaol agat le Síle?
c) An í Áine an duine is óige?
d) An bhfuil páistí agaibh?
e) An páiste aonair thú?
f) An é Fionn an duine is sine?
g) An tusa an duine is óige sa chlann?
h) An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?

2. Cén patrún a fheiceann sibh?
3. Cathain a úsáideann tú 'Tá'/'Níl' mar fhreagra?
4. Cathain a úsáideann tú 'Is ea'/'Ní hea' mar fhreagra?

5. Siúil timpeall an ranga anois agus aimsigh daoine sa rang a bhfuil na ráitis thíos fíor fúthu:

| | An Ráiteas | Ainm na nDaoine |
|---|---|---|
| a) | Duine a bhfuil triúr deartháireacha aige/aici. | |
| b) | An duine is óige sa teaghlach. | |
| c) | Duine ar páiste aonair é/í. | |
| d) | Duine a bhfuil madra aige/aici. | |
| e) | Duine nach bhfuil carr aige/aici. | |
| f) | An duine is óige sa rang. | |
| g) | Duine a bhfuil gaol aige/aici le duine cáiliúil. | |
| h) | Duine a bhfuil páistí aige/aici | |
| i) | An duine is sine sa teaghlach. | |
| j) | Duine a bhfuil beirt deirfiúracha aige/aici. | |
| k) | Duine atá pósta. | |
| l) | Duine a bhfuil teach aige/aici sa Ghaeltacht. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: RÓLIMIRT

Féach ar an dá phictiúr seo thíos, A agus B. Lig ort féin gurb iad do chuid páistí féin atá i gceann de na pictiúir.

Taispeáin an pictiúr do do pháirtí agus inis dó/di faoi do chlann. Bain úsáid as do chuid samhlaíochta!

- Luaigh ainm agus aois na bpáistí.
- Ná déan dearmad ar na frásaí 'is sine' agus 'is óige'!
- Féach ar an gcomhrá thuas arís le treoir a fháil.

| Clann A | Clann B |
|---|---|
|  |  |
| | |

# C: LABHAIRT

### Ócáidí teaghlaigh agus ceiliúrtha




Déan féin agus do pháirtí iarracht smaoineamh ar cad a déarfadh sibh sna comhthéacsanna seo a leanas:

1. Is é breithlá do charad é.
2. Tá leanbh nua ag do chomhghleacaí.
3. Tá post nua faighte ag do dheartháir.
4. Tá cara leat geallta.
5. D'éirigh le do dheirfiúr ina cuid scrúduithe.
6. An 25 Nollaig atá ann!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: MACHNAMH

### 1: Seicliosta + Ceisteanna go fóill

| San aonad seo, d’fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |
| **Ceist(eanna) atá agam go fóill:** | | | | |
| | | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: RÉAMHOBAIR

a) An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál? **Tá/Níl**
b) An bhfuil gaol agat le Síle? **Tá/Níl**
c) An í Áine an duine is óige? **Is í/Ní hí**
d) An bhfuil páistí agaibh? **Tá/Níl**
e) An páiste aonair thú? **Is ea/Ní hea**
f) An é Fionn an duine is sine? **Is é/Ní hé**
g) An tusa an duine is óige sa chlann? **Is mé/Ní mé**
h) An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat? **Tá/Níl**

3. Cathain a úsáideann tú 'Tá'/'Níl' mar fhreagra? **Leis an mbriathar 'Bí'**
4. Cathain a úsáideann tú 'Is ea'/'Ní hea' mar fhreagra? **Ciallaíonn 'is ea' '*it is*' agus 'ní hea' '*it is not*'. Úsáidtear an freagra seo nuair atá an frása 'An ea?' sa cheist. Úsáidtear an forainm cuí má tá sé i gceist seachas 'ea', mar shampla 'Is mé', 'Ní hé', 'Is iad'.**